Uimhir 27 *de* 1992

AN tACHT UM AISTRITHE AIRGEADAIS, 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Mínithe.
3. Aistrithe airgeadais.
4. Aistrithe airgeadais a shrianadh.
5. Cionta.
6. Pionóis.
7. Orduithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
8. Caiteachais riaracháin.

[*Uimh.* **27.**] *An tAcht um Aistrithe Airgeadais,* [1992.] 1992.

AN tACHT DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 1972, Uimh. 27

Uimhir 27 *de* 1992

AN tACHT UM AISTRITHE AIRGEADAIS, 1992

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AISTRITHE AIRGEADAIS IDIR AN STÁT AGUS TÍORTHA EILE A RIALÚ AGUS I dTAOBH NITHE EILE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN. [18 *Nollaig*, 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Gearrtheideal.

1.—Féadfar an tAcht um Aistrithe Airgeadais, 1992 a ghairm den Acht seo.

Mínithe.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Airgeadais;

forléireofar ''aistrithe airgeadais'' de réir *alt 3* den Acht seo;

tá le ''na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha'' an bhrí a shanntar le hAcht na gComhphobal Eorpach, 1972 arna leasú le hachtacháin ina dhiaidh sin.

Aistrithe airgeadais.

3.—Folaíonn tagairtí san Acht seo d'aistrithe airgeadais, gan dochar do ghinearáltacht na habairte, na haistrithe go léir ar gluaiseachtaí caipitil nó íocaíochtaí de réir bhrí na gconarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha a bheadh iontu dá ndéanfaí idir Ballstáit na gComhphobal iad.

Aistrithe airgeadais a shrianadh.

4.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú socrú a dhéanamh chun aistrithe airgeadais idir an Stát agus tíortha eile a shrianadh.

(2) Déanfar ordú faoin alt seo i gcomhréir leis na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha.

(3) Féadfar ordú faoin alt seo a dhéanamh ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh an tAire.

(4) Féadfaidh an tAire le hordú aon ordú a bheidh déanta aige faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm.

A.4 (5) Féadfaidh cibé forálacha forlíontacha a bheith in ordú faoin alt seo is cuí leis an Aire chun aistrithe airgeadais a mhaoirsiú agus chun forálacha aon ordaithe den sórt sin a riaradh agus a chur i bhfeidhm.

Cionta. **5.**—(1) Aon duine a sháróidh aon fhoráil d'ordú a bheidh déanta faoin Acht seo beidh sé ciontach i gcion.

(2) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe nó ag duine a bhí ag gníomhú thar ceann comhlachta chorpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gur urasaíodh a dhéanamh le haon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó aon oifigeach eile de chuid an chomhlachta sin, beidh an duine sin ciontach freisin i gcion.

(3) San alt seo, folaíonn tagairt do shárú forála, más cuí, tagairt do dhiúltú, nó do mhainneachtain, an fhoráil sin a chomhlíonadh.

Pionóis. **6.**—(1) Duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo, dlífear—

(*a*) ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000, nó príosúnacht ar feadh aon téarma nach faide ná dhá mhí dhéag nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air, nó

(*b*) ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000,000 nó dhá oiread mhéid an chaipitil a ndearnadh an cion ina leith, cibé acu is mó, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná deich mbliana nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

(2) I gcás go leanfaidh duine, tar éis dó a bheith ciontaithe i gcion faoin Acht seo, den fhoráil a shárú, beidh sé ciontach i gcion gach lá a leanfar den sárú agus maidir le gach cion den sórt sin dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £200 nó, ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £100,000, a chur air.

Orduithe a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. **7.**—Déanfar gach ordú faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Caiteachais riaracháin. **8.**—Déanfar na caiteachais a thabhófar ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.